
An Coimisiún Pleanála

# Treoirlínte maidir le Faisnéis atá le cur isteach in éineacht le hiarratais ar Thoiliú Ionaid agus le hiarratais faoi alt 37L

**Faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, agus faoi na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001 (arna leasú)**



## Maidir leis an treoir seo

Is é cuspóir an doiciméid seo cabhrú le hiarratasóirí doiciméid a ullmhú chun tacú lena n-iarratais ar Thoiliú Ionaid agus lena n-iarratais faoi alt 37L (Iarratais ar Fhorbairt Bhreise). Níl sé beartaithe a bheith ina threoir dhlíthiúil, agus moltar duit an reachtaíocht iomchuí a athbhreithniú agus breithniú a dhéanamh ar an ngá atá le comhairle ghairmiúil a fháil.

**Cosaint Sonraí**

Ní úsáideann an Coimisiún Pleanála do shonraí pearsanta ach amháin chun ár seirbhísí a sholáthar agus chun ár ndualgais dhlíthiúla a chomhlíonadh. Maidir leis na sonraí pearsanta a sholáthróidh tú, scaipfear iad ar pháirtithe iomchuí eile agus cuirfear iad ar fáil go poiblí i ndáil le haon ní atá os comhair an Choimisiúin Pleanála.

Chun amharc ar ár ráitis bheartais iomlána maidir le Cosaint Sonraí, téigh chuig www.pleanala.ie.

# Clár Ábhar

Maidir leis an treoir seo ............ 2
Clár Ábhar ............ 3

1.0 Réamhrá ............ 4

2.0 Ábhar an Iarratais ar Thoiliú Ionaid ............ 5

3.0 Ábhar an iarratais faoi alt 37L ............ 8

4.0 Bailíochtú le haghaidh Iarratais ar Thoiliú Ionaid ............ 10

5.0 Bailíochtú le haghaidh Iarratais faoi alt 37L ............ 11

6.0 Comhchomhairliúchán Réamhiarratais ............ 12

Aguisín 1: Cruinniú le haghaidh Toiliú Ionaid a Bhailíochtú ............ 13

Aguisín 2: Cruinniú Bailíochtaithe…………..23

## 1.0 Réamhrá

1.1 Tagann iarratais ar Thoiliú Ionaid chun cinn i gcás go ndearnadh forbairt a raibh Measúnacht Tionchair Timpeallachta nó Measúnacht Chuí, nó an dá rud, ag teastáil ina leith, agus nár cuireadh na measúnachtaí sin i gcrích nó gur cinneadh iad a bheith lochtach.

1.2 Ní mór Tuarascáil leigheasta ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta nó Ráiteas leigheasta Tionchair Natura, nó an dá rud, a bheith ar áireamh in iarratas ar thoiliú ionaid. I gcás go measfaidh an t-iarratasóir nach bhfuil feidhm ach ag doiciméad amháin den sórt sin, ní mór Tuarascáil Scagtha don doiciméad eile a chur isteach chun a léiriú cén fáth nach bhfuil an doiciméad eile ag teastáil.

1.3 I gcás nach measfaidh iarratasóir nach bhfuil Tuarascáil leigheasta ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta ná Ráiteas leigheasta Tionchair Natura ag teastáil i leith forbairt atá ag iarraidh cead coinneála, is féidir leis an iarratasóir smaoineamh ar leas a bhaint as alt 176A den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, chun go ndéanfaidh an t-údarás pleanála scagadh le haghaidh Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta. Tá oibleagáid ar an údarás pleanála scagadh a dhéanamh le haghaidh Measúnacht Chuí ag an am céanna. Féadfar cinneadh arna dhéanamh ag an údarás pleanála a tharchur chuig an gCoimisiún Pleanála le haghaidh athbhreithnithe, faoi alt 176C.

1.4 Má tá an t-iarratasóir ag iarraidh forbairt bhreise a dhéanamh ar na tailte/ar an bhforbairt atá faoi réir ceanglas chun Toiliú Ionaid a fháil, nó má tá sé nó sí ag iarraidh na tailte nó an fhorbairt sin a leathnú chuig talamh tadhlach, is féidir iarratas a dhéanamh faoi alt 37L **laistigh de 6 seachtaine** ón iarratas ar Thoiliú Ionaid a chur isteach. Déanfaidh an Coimisiún cinneadh ar an dá chomhad le chéile.

## 2.0 Ábhar an Iarratais ar Thoiliú Ionaid

**2.1** Is í **Foirm 7** sna Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001, arna leasú, an fhoirm iarratais atá le húsáid. Tá gach cuid le comhlánú, agus 'N/B' léirithe mura mbaineann réimse ar leith le hábhar don fhorbairt.

2.2 **Fógra Láithreáin** – ní mór cóip den Fhógra Láithreáin a chur ar áireamh (**Foirm 6** sna Rialacháin). Ní mór an Fógra Láithreáin a bheith ag comhlíonadh cheanglais Airteagal 19(1) de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001, arna leasú, go ginearálta.

2.3 **Fógra Nuachtáin** – ní mór cóip den Fhógra Nuachtáin a chur ar áireamh. Ní mór an nuachtán a úsáidtear le haghaidh an fógra a fhoilsiú teacht faoin liosta ceadaithe nuachtán de chuid an údaráis pleanála ina bhfuil an láithreán suite.

2.4 Is de réir Sceideal 9 a ghabhann leis na Rialacháin atá an **táille** atá ag gabháil leis an iarratas. Molaimid duit nóta a cheangal le ríomh do tháille chun a mhíniú conas a ríomhadh í. Mar shampla, d'fhéadfaí an táille a ríomh ó Aicme 6 (mianadóireacht mianraí), ó Aicme 4 (le haghaidh soláthar foirgneamh) agus ó Aicme 8 (le haghaidh soláthar gléasra nó innealra).

Sonraítear in alt 177M(1) go mbeidh an táille i leith iarratais ar thoiliú ionaid comhionann leis an táille a bheadh iníoctha faoi na rialacháin cheada dá mbeadh iarratas á dhéanamh ag an iarratasóir ar chead faoi alt 34(1) seachas iarratas ar thoiliú ionaid.

Féadfaidh an Coimisiún cuid de na **costais** nó na costais uile arna dtabhú ag an gCoimisiún nó ag an údarás pleanála agus Toiliú Ionaid á dheonú aige a iarraidh agus féadfaidh sé, le fógra, a ordú don iarratasóir suimeanna a íoc leis an dá pháirtí nó le ceachtar páirtí. Féadfaidh an t-iarratasóir, laistigh de 2 sheachtain ó fhógra den sórt sin a fháil, aighneacht a dhéanamh chuig an gCoimisiún.

2.5 Ba cheart **sé chóip chrua** de na líníochtaí agus de na sonraí eile a ghabhann leis an iarratas a sholáthar. Ba cheart **leagan leictreonach** de na doiciméid uile a sholáthar freisin. Mura bhfuil an leagan leictreonach de na doiciméid

mar an gcéanna leis na cóipeanna crua, seolfar an t-iarratas ar ais chuig an iarratasóir. Ba cheart **litir** ón iarratasóir, nó ó ghníomhaire an iarratasóra, a sholáthar ina ndeimhnítear go bhfuil an leagan digiteach mar an gcéanna leis an gcóip chrua.

2.6 I gcás go mbeidh Tuarascáil leigheasta ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta ag gabháil leis an iarratas, ba cheart admháil á léiriú gur cuireadh í chuig an Tairseach Tuarascálacha ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta atá á cothabháil ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta a chur ar áireamh.

2.7 I gcás nach gcuirfear Tuarascáil leigheasta ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta ná Ráiteas leigheasta Tionchair Natura isteach leis an iarratas, ba cheart doiciméad scagtha le haghaidh Measúnacht Tionchair Timpeallachta nó Measúnacht Chuí a chur ar áireamh ina léireofar cén fáth nach bhfuil sí ag teastáil.

2.8 Ba cheart an **dul chun cinn le himeacht ama** a léiriú ar líníochtaí, i gcás gurb iomchuí. Is féidir é sin a chur i láthair i dtéarmaí bonnlíne (an chuma a bhí ar an láithreán sular cuireadh tús leis an bhforbairt) agus an staid reatha. I gcás cairéil, is cabhair ar leith iad trasghearrthacha atá **dathchódaithe** a sholáthar agus úsáid a bhaint as grianghraif ón aer chun dul chun cinn na forbartha a léiriú.

2.9 **Litir thoilithe** ó úinéirí nó áititheoirí na talún, i gcás gurb iomchuí.

2.10 **Ráiteas faoi Imthosca Eisceachtúla**. Ní féidir cead pleanála a dheonú le haghaidh Toiliú Ionaid ach amháin i gcás go gcomhlíonfar **gach ceann** de na himthosca eisceachtúla seo a leanas faoi alt 177K. Ba cheart don iarratasóir aghaidh a thabhairt ar gach ceann de na pointí seo i Ráiteas faoi Imthosca Eisceachtúla. Is féidir é sin a bheith ina dhoiciméad neamhspleách nó is féidir é a bheith mar chuid de thuarascáil pleanála. Ba cheart aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna seo a leanas leis an ráiteas:

- An mbeadh tabhairt na forbartha chun rialtachta ina sárú ar an Treoir um Measúnacht Tionchair Timpeallachta nó ar an Treoir um Ghnáthóga?

- Ar chreid, nó arbh fhéidir le réasún go gcreidfeadh, an t-iarratasóir nach raibh an fhorbairt neamhúdaraithe?

- An féidir cur isteach go mór ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta/ar Mheasúnacht Chuí atá oscailte do rannpháirtíocht an phobail?

- Cé na héifeachtaí iarbhír nó dóchúla a eascróidh as leanúint leis an bhforbairt?

- Cá mhéad is féidir éifeachtaí suntasacha ar an gcomhshaol nó éifeachtaí dochracha ar shláine láithreáin Eorpaigh a leigheas?

- Ar chomhlíon an t-iarratasóir aon cheadanna pleanála eile nó an ndearna sé nó sí gníomhaíochtaí neamhúdaraithe roimhe seo?

- Aon nithe iomchuí eile.

2.11 Déanfaidh an Coimisiún breithniú ar nithe a bhaineann le pleanáil chuí agus le forbairt inchothaithe freisin.

2.12 Is gnách nach dtugtar leis an iarratas ar Thoiliú Ionaid ach amháin cead le haghaidh forbairt atá déanta cheana féin, mura mbaineann an t-iarratas le forbairt atá ceadaithe cheana féin a chríochnú. Má tá oibreacha le haghaidh forbairt cheadaithe a chríochnú san iarratas, ba cheart don iarratasóir a bhreithniú an bhfuil Measúnacht Tionchair Timpeallachta nó Measúnacht Iomchuí ag teastáil le haghaidh na ngnéithe den fhorbairt atá le críochnú. Má tá an t-iarratasóir den tuairim nach bhfuil na doiciméid sin ag teastáil, ba cheart tuarascálacha scagtha a chur isteach chun tacú leis an tuairim sin.

2.13 Má tá an t-iarratasóir ag iarraidh leanúint d’fhorbairt bhreise a dhéanamh, ar an láithreán nó ar thailte tadhlacha, beidh iarratas faoi alt 37L ag teastáil.

## 3.0 Ábhar an iarratais faoi alt 37L

3.1 Is chun forbairt bhreise a dhéanamh ar thalamh a bhaineann le hiarratas ar thoiliú ionaid atá iarratas faoi alt 37L. Mar shampla, is féidir go mbainfidh sé le leathnú fisiciúil isteach ar thalamh tadhlach nó le doimhniú nó síneadh cliathánach cairéil atá ann cheana. Is féidir freisin go mbainfidh sé le críochnú nó síneadh a dhéanamh ar fhorbairt is ábhar d'iarratas ar thoiliú ionaid.

3.2 **Foirm** – De réir **Fhoirm 2** de na Rialacháin.

3.3 **Fógra Láithreáin** – ní mór an fógra láithreáin a leagan amach de réir Fhoirm B (Foirm Uimh. 10) mar atá leagtha amach sna Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001, arna leasú. Ní mór an Fógra Láithreáin/na Fógraí Láithreáin a léiriú ar Phlean Leagan Amach an Láithreáin.

3.4 **Táillí** – tá na táillí le haghaidh iarratais faoi alt 37L mar atá siad leagtha amach in alt 2 de Sceideal 9 a ghabhann leis na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001, arna leasú.

3.5 Molaimid duit nóta a cheangal le ríomh do tháille chun a mhíniú conas a ríomhadh í. Mar shampla, d'fhéadfaí an táille a ríomh ó Aicme 6 (mianadóireacht mianraí), ó Aicme 4 (le haghaidh soláthar foirgneamh) agus ó Aicme 8 (le haghaidh soláthar gléasra nó innealra).

3.6 Ba cheart sé chóip chrua de na líníochtaí agus de na sonraí eile a ghabhann leis an iarratas a sholáthar. Ba cheart leagan leictreonach de na doiciméid uile a sholáthar freisin. Mura bhfuil an leagan leictreonach de na doiciméid mar an gcéanna leis na cóipeanna crua, seolfar an t-iarratas ar ais chuig an iarratasóir. Ba cheart litir ón iarratasóir, nó ó ghníomhaire an iarratasóra, a sholáthar ina ndeimhnítear go bhfuil an leagan digiteach mar an gcéanna leis an gcóip chrua.

3.7 I gcás go mbeidh Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta ag gabháil leis an iarratas, ba cheart admháil á léiriú gur cuireadh í chuig an Tairseach Tuarascálacha ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta atá á

cothabháil ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta a chur ar áireamh.

3.8 I gcás nach gcuirfear Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta ná Ráiteas Tionchair Natura isteach leis an iarratas, ba cheart doiciméad scagtha le haghaidh Measúnacht Tionchair Timpeallachta nó Measúnacht Chuí a chur ar áireamh ina léireofar cén fáth nach bhfuil sí ag teastáil.

## 4.0 Bailíochtú le haghaidh Iarratais ar Thoiliú Ionaid

4.1 Tá na seicliostaí a ndéanfaidh an Coimisiún iarratais a mheasúnú ina gcoinne in Aguisín 1. Moltar d'iarratasóirí a ndoiciméid a sheiceáil i gcoinne na seicliostaí sin chun an dóchúlacht go mbeidh a n-iarratas bailí a mhéadú. Níl na seicliostaí sin uileghabhálach agus níor cheart iad a úsáid ach amháin mar threoir.

4.2 Féadfaidh an Coimisiún tuilleadh faisnéise a iarraidh chun go mbeidh sé in ann an t-iarratas a bhailíochtú.

4.3 Féadfaidh an Coimisiún a chinneadh ag dáta níos déanaí, mar shampla, tar éis cuairt ar an láithreán, go bhfuil an fhaisnéis a cuireadh isteach mícheart go substaintiúil nó go ndearnadh easnaimh shuntasacha san iarratas. Is féidir leis an gCoimisiún ag an am sin a chinneadh fós an t-iarratas a dhéanamh neamhbhailí.

## 5.0 Bailíochtú le haghaidh Iarratais faoi alt 37L

5.1 Tá na seicliostaí a ndéanfaidh an Coimisiún iarratais a mheasúnú ina gcoinne in Aguisín 2. Moltar d'iarratasóirí a ndoiciméid a sheiceáil i gcoinne na seicliostaí sin chun an dóchúlacht go mbeidh a n-iarratas bailí a mhéadú. Níl na seicliostaí sin uileghabhálach agus níor cheart iad a úsáid ach amháin mar threoir.

5.2 Ní mór an t-iarratas a thaisceadh laistigh de **6 seachtaine** ó dháta thaisceadh an iarratais ar Thoiliú Ionaid.

5.3 Féadfaidh an Coimisiún tuilleadh faisnéise a iarraidh chun go mbeidh sé in ann an t-iarratas a bhailíochtú.

5.4 Féadfaidh an Coimisiún a chinneadh ag dáta níos déanaí, mar shampla, tar éis cuairt ar an láithreán, go bhfuil an fhaisnéis a cuireadh isteach mícheart go substaintiúil nó go ndearnadh easnaimh shuntasacha san iarratas. Is féidir leis an gCoimisiún ag an am sin a chinneadh fós an t-iarratas a dhéanamh neamhbhailí.

## 6.0 Comhchomhairliúchán Réamhiarratais

6.1 Moltar d’iarratasóir páirt a ghlacadh sa phróiseas Comhchomhairliúcháin Réamhiarratais sula gcuirtear iarratas isteach agus sula n-iarrann sé nó sí cruinniú leis an gCoimisiún.

6.2 Tá sé de rogha ag an gCoimisiún cruinniú a reáchtáil nó gan é a reáchtáil. Mar sin féin, moltar comhchomhairliúcháin, go háirithe i leith cásanna níos casta.

6.3 Níl an cruinniú réamhiarratais bunaithe ar fhiúntas. Is ar an bpróiseas agus ar an doiciméadacht iomchuí ba cheart a bheith ag gabháil leis an iarratas/na hiarratais atá díriú an chruinnithe sin. Ní dhéantar aon chinntí sna cruinnithe Comhchomhairliúcháin Réamhiarratais sin.

6.4 Ba cheart Iarraidh Réamhiarratais ar leith a dhéanamh le haghaidh an iarratais faoi alt 37L. Cé go mbeidh uimhreacha cáis ar leith ag an dá iarratas, is dóigh go gcuirfear an dá chruinniú ar siúl ar an aon lá amháin agus leis an aon fhoireann amháin de chuid an Choimisiúin Pleanála.

6.5 Seolfar taifead ar an gcruinniú chuig an iarratasóir chun a t(h)uairimí a fháil. Mar sin féin, ní athrófar an taifead ar an gcruinniú.

## Aguisín 1: Cruinniú le haghaidh Toiliú Ionaid a Bhailíochtú

**Uimhir chomhaid** ______________

Dáta: _____________________

Cigire/Cigirí/Stiúrthóir(í) Pleanála Cúnta _______________________________________

Oifigeach Feidhmiúcháin/Oifigigh Feidhmiúcháin/Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach/Oifigigh Feidhmiúcháin Shinsearacha/Oifigeach Riaracháin Sinsearach/Oifigigh Riaracháin Shinsearacha ______________________________________________________

## Bailíochtú (tá gach mionsonra le seiceáil i gcomhar leis an gCigire)

**Táille**: **(arna ríomh ó Sceideal 9 a ghabhann leis na Rialacháin)** _________

An Méid arna Chur Isteach _________

Modh Ríofa (Ceangail ar leathanach ar leith) _________

**Fógra Nuachtáin (Airteagal 224):** _________

1. Nuachtán ceadaithe _________
2. Sonraítear ann “Iarratas chuig an gCoimisiún Pleanála ar Thoiliú Ionaid”___
3. Ainm an iarratasóra _________
4. Láthair/seoladh _________
5. Tuairisc ar an bhforbairt _________
6. Más iomchuí, déanmhas cosanta, ceadúnas leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Crios Forbartha Straitéisí _________
7. Tuarascáil leigheasta ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta nó Ráiteas leigheasta Tionchair Natura, nó an dá rud _________
8. Más iomchuí, Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta nó Ráiteas Tionchair Natura, nó an dá rud _________
9. Sonraigh cá háit ar féidir an t-iarratas a iniúchadh nó a cheannach _________
10. Aighneachtaí agus tuairimí laistigh de 8 seachtaine ón iarratas a bheith faighte ag an gCoimisiún _________

**Fógra Láithreáin (Airteagal 225 agus Foirm uimh. 6 de Sceideal 3 a ghabhann leis na Rialacháin):**

1. De réir Fhoirm uimh. 6 nó cosúil léi ________
2. Cúlra bán ________
3. Infheicthe ó bhóthar poiblí ________
4. Infheicthe ó áit lasmuigh den láithreán, mura bhfuil sí infheicthe ó bhóthar poiblí ________

**Foirm Iarratais (Airteagal 227 agus Foirm uimh. 7 de Sceideal 3 a ghabhann leis na Rialacháin):**

1. Fógra nuachtáin ar áireamh ________

2. Fógra láithreáin ar áireamh ________
3. Deimhniú maidir le cur isteach chuig Tairseach Tuarascálacha ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta, más iomchuí ________
4. Cóip leictreonach inchuardaithe den Tuarascáil Ieigheasta ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta, más iomchuí ________
5. Mura bhfuil aon Tuarascáil Ieigheasta ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta ann, doiciméad ina bhfuil na gnéithe nó na bearta atá beartaithe chun éifeachtaí dochracha suntasacha ar an gcomhshaol a sheachaint, a chosc nó a laghdú (dá ngairtear faisnéis Sceideal 7A go minic) ________

**Léarscáileanna (Airteagal 227(b) agus (c), 6 chóip, agus Airteagal 23):**

Léarscáil na láithreach – scála (1:1000 nó 1:2500 nó aon scála eile arna chomhaontú) _____

i) Teorainn – DEARG ________
ii) Talamh tadhlach atá faoi úinéireacht an iarratasóra nó úinéir na talún – GORM ________
iii) Ceadanna slí – BUÍ ________
iv) Suíomh an fhógra láithreáin ________
v) Pointe thuaidh ________

Plean Leagan Amach an Láithreáin – scála (1:500 nó arna chomhaontú) ________

i) Teorainn an láithreáin i gcló dearg ________
ii) Foirgnimh, bóithre, teorainneacha, umair sheipteacha agus limistéir shíothlaithe, toibreacha tollta, clampaí suntasacha crann, agus gnéithe eile ________
iii) Leibhéil nó comhrianta i gcoibhneas le sonra nó tagarmharc na Suirbhéireachta Ordanáis ________
iv) Faid na ndéanmhas ón teorainn ________

Líníochtaí eile (ní mór na príomhthoisí a thaispeáint iontu)

Líníochtaí atá ann cheana ________

Líníochtaí ceadaithe, más iomchuí ________

(Is féidir gur leor tacar líníochtaí aonair atá dathaithe chun idirdhealú a dhéanamh idir líníochtaí ceadaithe agus líníochtaí atá ann cheana)

An fad idir na déanmhais agus na teorainneacha ________

Ingearchló teorantach, más iomchuí ________

Líníochtaí eile a d'fhéadfadh a bheith iomchuí ________

Ar soláthraíodh líníochtaí ina dtaispeántar na hathruithe le himeacht ama __________

Sonraí

Ar soláthraíodh litir ina ndeimhnítear go bhfuil an leagan cóipe crua agus an leagan digiteach mar an gcéanna? __________

Cruthchomhad (suíomh geografach an láithreáin i bhfoirm dhigiteach) __________

Ar soláthraíodh Leagan Digiteach? __________

Tuarascálacha iomchuí eile __________

**Tuarascáil leigheasta ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta agus/nó Achoimre Neamhtheicniúil Leigheasta (alt 177E(2)(b)):** tá na topaicí riachtanacha uile cumhdaithe (Tá an t-ábhar le deimhniú ag an gCigire – féach Aguisín 2). __________

**Admháil ón Tairseach Measúnachtaí Tionchair Timpeallachta**

**Ráiteas leigheasta Tionchair Natura (alt 177G):** ___________

**Doiciméid scagtha le haghaidh Measúnacht Tionchair Timpeallachta nó le haghaidh Measúnacht Iomchuí, murar soláthraíodh aon Doiciméad Leigheasta (i gcás gurb iomchuí, agus sonraigh):** ___________

**Litir Thoilithe (i gcás gurb iomchuí):** ___________

**Tuairisc ar an bhforbairt:** ___________

---

---

________________________________________________________________________

**Ráiteas faoi Imthosca Eisceachtúla:** ___________

**Comhlachtaí Forordaithe (Airteagal 28(1): (Tá comhairle le tabhairt ag an gCigire))**

| Imthoisc | Comhlacht Forordaithe | Teagmháil |
|---|---|---|
| Gach iarratas | An tÚdarás Pleanála (is féidir go mbeidh níos mó ná ceann amháin i gceist) | |
| I gcás go mbeidh an t-iarratas gar do theorainneacha contae | An tÚdarás Pleanála Tadhlach, más gar | |
| I limistéar taitneamhachta speisialta nó cuirtear bac ar radharc cosanta | An Chomhairle Ealaíon, Fáilte Éireann, an Taisce | |
| Cuirtear bac, nó cuirtear isteach, ar luach taitneamhachta turasóireachta nó ar oibreacha taitneamhachta turasóireachta | Fáilte Éireann | |
| Déanmhas Cosanta, nó Déanmhas Cosanta Beartaithe, tá sé i Limistéar Caomhantais Ailtireachta nó cuireann sé isteach ar an gcuma atá ar Dhéanmhas Cosanta | An Chomhairle Ealaíon, an tAonad um Iarratais ar Fhorbairt, an Chomhairle Oidhreachta, an Taisce | |

| | | |
|---|---|---|
| Táthar gar d'uaimh, láithreán, gné nó rud eile is ábhar spéise ó thaobh seandálaíochta, geolaíochta, eolaíochta, éiceolaíochta nó staire, nó déantar difear dó nó di | An tAonad um Iarratais ar Fhorbairt, an Chomhairle Oidhreachta, an Taisce, an Chomhairle Ealaíon, Fáilte Éireann | |
| Séadchomhartha nó Áit ar an Taifead Séadchomharthaí Náisiúnta nó Áiteanna | An tAonad um Iarratais ar Fhorbairt, an Chomhairle Oidhreachta, an Taisce, an Chomhairle Ealaíon, Fáilte Éireann | |
| Séadchomhartha stairiúil nó limistéar seandálaíochta i gClár na Séadchomharthaí Stairiúla | An tAonad um Iarratais ar Fhorbairt, an Chomhairle Oidhreachta, an Taisce, an Chomhairle Ealaíon, Fáilte Éireann | |
| Séadchomhartha náisiúnta faoi úinéireacht an Aire | An tAonad um Iarratais ar Fhorbairt, an Chomhairle Oidhreachta, an Taisce, an Chomhairle Ealaíon, Fáilte Éireann | |
| Cuirtear bac ar scéim le haghaidh feabhsuithe ar thimpeallacht na nithe thuas nó ar na modhanna rochtana uirthi | An tAonad um Iarratais ar Fhorbairt, an Chomhairle Oidhreachta, an Taisce, an Chomhairle Ealaíon, Fáilte Éireann | |
| Sáraítear na Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha nó táthar neamh-chomhsheasmhach leo | An tÚdarás Réigiúnach | |
| Sáraítear coinníoll atá ceangailte faoi alt 34(4)(m) | Aon Údarás Pleanála lena mbaineann | |
| Déantar uiscí a astarraingt ó uiscí dromchla nó ó screamhuiscí, nó cuirtear uisce leo sin | An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Iascach Intíre Éireann, Uiscebhealaí Éireann (más iomchuí) | |
| Scaoileadh suntasach ábhair thruaillithe isteach san uisce nó scaoileadh ar dóigh dó truailliú tromchúiseach uisce nó baol tromchúiseach truaillithe a chur faoi deara | An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Iascach Intíre Éireann, Uiscebhealaí Éireann (más iomchuí) | |
| Táthar bainteach le hoibreacha a dhéanamh i mbruacha na n-uiscí sin a mbeadh éifeacht ábhartha acu orthu nó le hoibreacha a dhéanamh thar na bruacha sin nó feadh na mbruach sin | Iascach Intíre Éireann, Uiscebhealaí Éireann (más iomchuí) | |
| Cuirtear isteach ar loingseoireacht aerárthaí | Údarás Eitlíochta na hÉireann | |
| Cuirtear isteach ar oibriú aerfoirt nach lú a thrácht bliantúil ná 1 mhilliún gluaiseacht paisinéirí | Oibritheoir an Aerfoirt | |
| Déantar difear d'iompar de bhus nó d'iarnród | Córas Iompair Éireann, an tÚdarás Náisiúnta Iompair, Bonneagar Iompair Éireann | |
| Méadaítear go mór na méideanna tráchta a úsáideann droichid iarnróid agus crosairí comhréidhe nó droichid thar iarnród | An Coimisiún Sábháilteachta Iarnróid, oibritheoir an iarnróid, oibritheoir an Luas nó an Mheitreo | |

| | | |
|---|---|---|
| Gaireacht d'iarnród | An Coimisiún Sábháilteachta Iarnróid, oibritheoir an iarnróid, oibritheoir an Luas nó an Mheitreo | |
| Cruthaítear rochtain, leagtar amach rochtain ar bhóthar náisiúnta, nó déantar leathnú ábhartha ar bhóthar rochtana | Bonneagar Iompair Éireann | |
| I gcás gníomhaíocht a dteastaíonn Ceadúnas um Rialú Comhtháite ar Thruailliú, Ceadúnas Astaíochtaí Tionsclaíocha, Ceadúnas Dramhaíola nó Ceadúnas Sceite Fuíolluisce ina leith | An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil | |
| Caomhnú an Dúlra (Limistéar Caomhantais Speisialta, Limistéar Cosanta Speisialta, Limistéar Oidhreachta Nádúrtha) | An Chomhairle Oidhreachta, an tAonad um Iarratais ar Fhorbairt, an Taisce | |
| Limistéar Gaeltachta nó teanga agus cultúr na Gaeltachta | An tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, Údarás na Gaeltachta | |
| Forbairt monarchan pléascán, forbairt armlainne stórála nó forbairt stórais pléascán údaráis áitiúil nó forbairt i ngar dó nó di | An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta | |
| Feirmeoireacht bradán | An tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha, Iascach Intíre Éireann | |
| Foraoisiú tosaigh nó athsholáthar foraoise airde leathanduillí le foraois bhuaircíneach | An tAire Talmhaíochta agus Bia, an Chomhairle Oidhreachta, agus an Taisce | |
| Éifeachtaí suntasacha ar an tsláinte | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte | |
| Mianadóireacht, cairéalú, eastóscadh ábhar cré is mó ná 50,000 méadar ciúbach nó is mó ná 1 heicteár | An tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha | |
| Imeall Trá | An t-údarás pleanála cósta, an tÚdarás Rialála Limistéir Mhuirí. An tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha | |
| Bonneagar Fuinnimh, nó tionchar ar bhonneagar fuinnimh | An Coimisiún um Rialáil Fuinnimh | |
| Seirbhísí uisce poiblí | Uisce Éireann | |

**An Treoir um Mórthionóiscí (Cuid 11 de na Rialacháin)**

An bhfuil an t-iarratas ina iarratas ar bhunaíocht? i.e., láithreán COMAH nó SEVESO

_______

Má tá, an bhfuil tagairt déanta dó sin sna fógraí poiblí? _______

Teastaíonn Fógra Airteagal 137 don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta _______

An bhfuil an fhorbairt i gcatagóir atá liostaithe i dTábla 1 de Sceideal 8? _______

An bhfuil an fhorbairt suite laistigh den fhad i gcolún 2 de Thábla 2 de láithreán COMAH/SEVESO? _______

**Tábla 1: Catagóirí Forbartha**

1. Cóiríocht óstáin, cóiríocht brú, cóiríocht saoire, nó tithíocht a sholáthar.

2. Scoileanna, naíolanna nó saoráidí eile oideachais nó cúram leanaí, ionaid oiliúna, ospidéil, tithe téarnaimh, tithe do dhaoine scothaosta, nó scáthchóiríocht a sholáthar.

3. Forbairtí miondíola is mó ná 250 méadar cearnach in ollspás urláir.

4. Déanmhais le haghaidh saoráidí pobail agus fóillíochta is mó ná 100 méadar cearnach in ollspás urláir.

5. Saoráidí nó úsáid talún a sholáthar le haghaidh gníomhaíochtaí ar dóigh dóibh níos mó ná 1,000 duine a mhealladh ag aon am amháin.

6. Forbairt tráchtála nó thionsclaíoch atá deartha chun freastal ar 20 fostaí nó níos mó.

7. Saoráidí páirceála a sholáthar do níos mó ná 200 mótarfheithicil.

8. Naisc iompair, lena n-áirítear bóithre poiblí.

9. Aon fhorbairt atá tadhlach le bunaíocht, nó atá scartha ó bhunaíocht le bóthar amháin, agus a bhfuil riosca dóiteáin nó pléasctha mar thoradh uirthi.

10. Modhnuithe ar chatagóirí 2, 3, 4, 6 nó 7 a mbeadh méadú 20 faoin gcéad nó níos mó ar mhéid nó toilleadh mar thoradh orthu.

**Tábla 2: Faid ó Bhunaíochtaí**

*Faid ó bhunaíochtaí*

| Colún 1<br><br>*Cineál bunaíochta* | **Colún 2**<br>**Fad ó imlíne na bunaíochta (méadair)** |
|---|---|
| Bunaíocht ina stóráiltear substaintí inadhainte brúchóirithe (lena n-áirítear gás peitriliam leachtaithe) i mbulc –<br><br>- ***os cionn na talún***<br><br>- ***in áit iata/faoi thalamh***<br><br>***≤ 100 tonna***<br><br>***> 100 tonna.*** | <br><br>600<br><br><br><br>100<br><br>200 |
| ***Bunaíocht ina bhfuil substaintí tocsaineacha brúchóirithe nó cuisnithe (lena n-áirítear amóinia) i láthair –***<br><br>- ***i mbulcstóráil***<br><br>- ***i stóráil sorcóra nó druma.*** | <br><br>2,000<br><br>700 |
| Bunaíocht atá comhdhéanta de thrádstóras ina bhfuil ceimiceáin i láthair nó bunaíocht ina bhfuil trádstóras ina bhfuil ceimiceáin i láthair. | 700 |
| ***Bunaíocht ina stóráiltear substaintí inadhainte neamh-bhrúchóirithe i mbulc.*** | 300 |
| Bunaíocht ina ndéantar próiseáil cheimiceach lena mbaineann substaintí inadhainte nó tocsaineacha. | 1,000 |
| ***Bunaíocht ina ndéantar próiseáil cheimiceach, rud a bhfuil riosca pléascáin deannaigh i gceist leis.*** | 300 |
| Bunaíocht ina monaraítear pléascáin. | 1,000 |

**An bhfuil sé amhlaidh gur seoladh Comhchomhairliúchán Réamhiarratais? (Má tá, tabhair cásuimhir)** ____________

**Aon Chomhad Staire atá le ceangal (Tá comhairle le tabhairt ag an gCigire):**

______________________

**Nótaí:**

Teorainn ama na mbreathnóirí – 8 seachtaine

Comhlachtaí forordaithe – 8 seachtaine

Teorainneacha ama na nÚdarás Pleanála – 10 seachtaine tar éis cóip den iarratas ar Thoiliú Ionaid a fháil. 177I.

Alt 177P(1)(9)(b) – 18 seachtaine le haghaidh cinnidh tar éis tuarascáil an Údaráis Pleanála a fháil.

**Fógra Láithreáin le haghaidh Toiliú Ionaid – Foirm 6: Airteagal 227**

**IARRATAS CHUIG AN gCOIMISIÚN PLEANÁLA AR THOILIÚ IONAID – FÓGRA LÁITHREÁIN**

Tá sé beartaithe agamsa, ............................................................ 1, iarratas a dhéanamh ar thoiliú ionaid le haghaidh forbartha ag an láithreán seo
...................................................................... 2
........................................................................................................................ Tá an fhorbairt comhdhéanta de....................................................................................
………………………………………………………………………….……. 3

Tá Tuarascáil Ieigheasta ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta agus Ráiteas Ieigheasta Tionchair Natura [scrios de réir mar is cuí] ag gabháil leis an iarratas.

Féadfar aighneachtaí a dhéanamh nó tuairimí a thabhairt maidir leis an iarratas trí scríobh chuig an seoladh seo gan aon mhuirear: An Coimisiún Pleanála, 64 Sráid Maoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, D01 V902 (www.pleanala.ie). Ní mór aighneachtaí nó tuairimí a bheith i scríbhinn agus ní mór iad a dhéanamh laistigh den tréimhse 8 seachtaine dar tosach an dáta a fhaigheann an Coimisiún Pleanála an t-iarratas, agus breithneoidh an Coimisiún Pleanála aighneachtaí agus tuairimí den sórt sin agus cinneadh á dhéanamh aige ar an iarratas. Féadfaidh an Coimisiún Pleanála an toiliú a dheonú faoi réir coinníollacha nó gan coinníollacha a fhorchur, nó féadfaidh sé diúltú don toiliú a dheonú. Féadfar an t-iarratas ar thoiliú a iniúchadh, nó féadfar é a cheannach ar tháille nach mó ná an costas réasúnach a bhaineann le cóip a dhéanamh, ag oifigí an Choimisiúin Pleanála nó an údaráis pleanála iomchuí le linn a uaireanta oscailte don phobal. Ba cheart aon cheisteanna a bhaineann leis an bpróiseas iarratais a chur ar an gCoimisiún Pleanála (Teil.: 01-8588100).

Sínithe: .........................................................................

Dáta cur suas an fhógra láithreáin ......................................

**Ábhar na Tuarascála leigheasta ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta (alt 177F)**

Tá na ceanglais iomlána a ghabhann le Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta leagtha amach i Sceideal 6 a ghabhann leis na Rialacháin De bhreis air sin, i gcás Tuarascáil leigheasta ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta, faoi alt 177F den Acht um Pleanáil agus Forbairt, arna leasú, ráiteas maidir leis na héifeachtaí suntasacha, más ann, ar an gcomhshaol, a tharla nó atá ag tarlú nó ar féidir a bheith ag súil leis go réasúnach go dtarlóidh siad de bhrí go ndearnadh an fhorbairt is ábhar don iarratas ar thoiliú ionaid. Ba cheart na nithe seo a leanas a bheith ar áireamh leis sin:

(b) sonraí

- (i) faoi aon bhearta leighis cuí a ghabh an t-iarratasóir ar thoiliú ionaid de láimh nó a bheartaíonn sé nó sí a ghabháil de láimh, chun aon éifeachtaí dochracha suntasacha ar an gcomhshaol a leigheas;
- (ii) an tréimhse ama ar laistigh di a dhéanfaidh an t-iarratasóir aon bhearta leighis beartaithe nó a dhéanfar iad thar a cheann nó thar a ceann;

(c) cibé faisnéis a bheidh forordaithe faoi alt 177N.

Ní mór an méid seo a leanas a chur ar áireamh sa Tuarascáil leigheasta ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta: Achoimre Neamhtheicniúil ar an ábhar; liosta tagartha de na foinsí a úsáideadh; liosta de na saineolaithe a rannchuidigh leis an tuarascáil, ina luaitear na codanna den tuarascáil a bhfuil an saineolaí freagrach astu nó ar rannchuidigh sé nó sí leo, a n-inniúlacht agus a dtaithí, lena n-áirítear cáilíochtaí iomchuí agus faisnéis eile lena léirítear inniúlacht.

Ní mór na héifeachtaí suntasacha díreacha agus indíreacha a bheidh ag an bhforbairt atá ag iarraidh Toiliú Ionaid ar na nithe seo a leanas a chur ar áireamh sa Tuarascáil leigheasta ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta:

(I) sláinte an phobail agus sláinte an duine;

(II) bithéagsúlacht, agus aird ar leith á tabhairt ar speicis agus gnáthóga atá faoi chosaint faoin Treoir um Ghnáthóga agus faoin Treoir maidir le hÉin;

(III) talamh, ithir, uisce, aer, agus aeráid;

(IV) sócmhainní ábhartha, an oidhreacht chultúrtha, agus an tírdhreach;

(V) an idirghníomhaíocht idir na tosca a luaitear i g*clásail (I)* go *(IV)*, agus cibé scrúdú, anailís agus meastóireacht ar na héifeachtaí suntasacha díreacha agus indíreacha a bhfuiltear ag súil leo ar an gcomhshaol de dheasca leochaileacht na forbartha beartaithe i leith rioscaí mórthionóiscí nó tubaistí, nó i leith mórthionóiscí agus tubaistí araon, atá ábhartha don fhorbairt sin.

## Aguisín 2: Cruinniú Bailíochtaithe

**Uimhir chomhaid:** ______________

Dáta: _____________________

Cigire/Cigirí/Stiúrthóir(í) Pleanála Cúnta ___________________________________

Oifigeach Feidhmiúcháin/Oifigigh Feidhmiúcháin/Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach/Oifigigh Feidhmiúcháin Shinsearacha/Oifigeach Riaracháin Sinsearach/Oifigigh Riaracháin Shinsearacha ______________________________

### Bailíochtú (tá gach mionsonra le seiceáil i gcomhar leis an gCigire)

**Uimh. an Chomhaid Ghaolmhair Toilithe Ionaid** _________

**Dáta Taiscthe an Chomhaid Toilithe Ionaid:** _________

**In Am:** (más iarratas faoi alt 37L atá i gceist, **laistigh de 6 seachtaine ón gcomhad toilithe ionaid a chur isteach**) _________

**Táille:** (arna ríomh ó Sceideal 9 a ghabhann leis na Rialacháin) _________

An Méid arna Chur Isteach _________

Modh Ríofa (Ceangail ar leathanach ar leith) _________

**Fógra Nuachtáin (Airteagal 264)** _________

1. Nuachtán ceadaithe _________
2. Sonraítear "Iarratas chuig an gCoimisiún Pleanála ar chead i ndáil le forbairt talún; alt 37L den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000" _________
3. Ainm an iarratasóra _________
4. Láthair/seoladh _________
5. Tuairisc ar an bhforbairt _________
6. Más iomchuí, déanmhas cosanta, ceadúnas leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Crios Forbartha Straitéisí _________
7. Más infheidhme, Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta/Ráiteas Tionchair Natura nó an dá rud _________
8. Sonraigh cá háit ar féidir an t-iarratas a iniúchadh nó a cheannach _________
9. Aighneachtaí agus tuairimí laistigh de 8 seachtaine ón iarratas a bheith faighte ag an gCoimisiún _________

**Fógra Láithreáin (Airteagal 265 agus Foirm uimh. 10 de Sceideal 3 a ghabhann leis na Rialacháin):** _________

1. De réir Fhoirm uimh. 10 nó cosúil léi _________
2. Cúlra bán _________
3. Infheicthe ó bhóthar poiblí _________
4. Infheicthe ó áit lasmuigh den láithreán, mura bhfuil sí infheicthe ó bhóthar poiblí _________

**Foirm Iarratais (Airteagal 267 agus Foirm uimh. 2 de na Rialacháin):**______

1. Fógra nuachtáin ar áireamh _________
2. Fógra láithreáin ar áireamh _________
3. Deimhniú maidir le cur isteach chuig Tairseach Tuarascálacha ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta, más iomchuí _________
4. Cóip leictreonach inchuardaithe den Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta, más iomchuí _________
5. Mura bhfuil aon Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta ann, doiciméad ina bhfuil na gnéithe nó na bearta atá beartaithe chun éifeachtaí dochracha suntasacha ar an gcomhshaol a sheachaint, a chosc nó a laghdú (dá ngairtear ábhar Sceideal 7A go minic) _________

**Léarscáileanna (Airteagal 267, 6 chóip nó 1 chóip chrua, má chuirtear cóip leictreonach isteach):**

Léarscáil na láithreach – scála (1:1000 nó 1:25000 nó aon scála eile arna chomhaontú) _____

i) Teorainn – DEARG __________
ii) Talamh tadhlach atá faoi úinéireacht an iarratasóra nó úinéir na talún – GORM __________
iii) Ceadanna slí – BUÍ __________
iv) Suíomh an fhógra láithreáin __________
iv) Pointe thuaidh __________

Plean Leagan Amach an Láithreáin – scála (1:500 nó arna chomhaontú) _________

i) Teorainn an láithreáin i gcló dearg _________

ii) Foirgnimh, bóithre, teorainneacha, umair sheipteacha agus limistéir shíothlaithe, toibreacha tollta, clampaí suntasacha crann, agus gnéithe eile ________

iii) Leibhéil nó comhrianta i gcoibhneas le sonra nó tagarmharc na Suirbhéireachta Ordanáis ________

iv) Faid na ndéanmhas ón teorainn ________

Líníochtaí eile (ní mór na príomhthoisí a thaispeáint iontu)

Líníochtaí atá ann cheana (an méid atá ar an láithreán agus ar an láithreán tadhlach faoi láthair) _________

Forbairt bheartaithe ________

Ingearchló teorantach, más iomchuí _________

Líníochtaí eile a d'fhéadfadh a bheith iomchuí _________

Sonraí

Ar soláthraíodh litir ina ndeimhnítear go bhfuil an leagan cóipe crua agus an leagan digiteach mar an gcéanna? _________

Cruthchomhad (suíomh geografach an láithreáin i bhfoirm dhigiteach)_________

Ar soláthraíodh Leagan Digiteach? _________

Tuarascálacha iomchuí eile _________

**Má cuireadh Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta agus/nó Achoimre Neamhtheicniúil (alt 171A) isteach:** tá na topaicí riachtanacha uile cumhdaithe (Tá sé sin le deimhniú ag an gCigire – féach Aguisín 2) _________

**Ráiteas Tionchair Natura (alt 177R):** __________

**Doiciméid scagtha le haghaidh Measúnacht Tionchair Timpeallachta nó le haghaidh Measúnacht Iomchuí, murar soláthraíodh aon doiciméad den sórt sin (i gcás gurb iomchuí, agus sonraigh):** __________

**Litir Thoilithe (i gcás gurb iomchuí):** __________

**Tuairisc ar an bhforbairt bheartaithe:** __________

**Comhlachtaí Forordaithe: (Tá comhairle le tabhairt ag an gCigire)**

| Imthoisc | Comhlacht Forordaithe | Teagmháil |
|---|---|---|
| Gach iarratas | An tÚdarás Pleanála (is féidir go mbeidh níos mó ná ceann amháin i gceist) | |
| I gcás go mbeidh an t-iarratas gar do theorainneacha contae | An tÚdarás Pleanála Tadhlach, más gar | |
| I limistéar taitneamhachta speisialta nó cuirtear bac ar radharc cosanta | An Chomhairle Ealaíon, Fáilte Éireann, an Taisce | |
| Cuirtear bac, nó cuirtear isteach, ar luach taitneamhachta turasóireachta nó ar oibreacha taitneamhachta turasóireachta | Fáilte Éireann | |
| Déanmhas Cosanta, nó Déanmhas Cosanta Beartaithe, tá sé i Limistéar Caomhantais Ailtireachta nó cuireann sé isteach ar an gcuma atá ar Dhéanmhas Cosanta | An Chomhairle Ealaíon, an tAonad um Iarratais ar Fhorbairt, an Chomhairle Oidhreachta, an Taisce | |
| Táthar gar d'uaimh, láithreán, gné nó rud eile is ábhar spéise ó thaobh seandálaíochta, geolaíochta, eolaíochta, éiceolaíochta nó staire, nó déantar difear dó nó di | An tAonad um Iarratais ar Fhorbairt, an Chomhairle Oidhreachta, an Taisce, an Chomhairle Ealaíon, Fáilte Éireann | |
| Séadchomhartha nó Áit ar an Taifead Séadchomharthaí Náisiúnta nó Áiteanna | An tAonad um Iarratais ar Fhorbairt, an Chomhairle Oidhreachta, an Taisce, an Chomhairle Ealaíon, Fáilte Éireann | |
| Séadchomhartha stairiúil nó limistéar seandálaíochta i gClár na Séadchomharthaí Stairiúla | An tAonad um Iarratais ar Fhorbairt, an Chomhairle Oidhreachta, an Taisce, an Chomhairle Ealaíon, Fáilte Éireann | |
| Séadchomhartha náisiúnta faoi úinéireacht an Aire | An tAonad um Iarratais ar Fhorbairt, an Chomhairle Oidhreachta, an Taisce, an Chomhairle Ealaíon, Fáilte Éireann | |
| Cuirtear bac ar scéim le haghaidh feabhsuithe ar thimpeallacht na nithe thuas nó ar na modhanna rochtana uirthi | An tAonad um Iarratais ar Fhorbairt, an Chomhairle Oidhreachta, an Taisce, an Chomhairle Ealaíon, Fáilte Éireann | |
| Sáraítear na Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha nó táthar neamh-chomhsheasmhach leo | An tÚdarás Réigiúnach | |
| Sáraítear coinníoll atá ceangailte faoi alt 34(4)(m) | Aon Údarás Pleanála lena mbaineann | |
| Déantar uiscí a astarraingt ó uiscí dromchla nó ó screamhuiscí, nó cuirtear uisce leo sin | An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Iascach Intíre Éireann, Uiscebhealaí Éireann (más iomchuí) | |
| Scaoileadh suntasach ábhair thruaillithe isteach san uisce nó scaoileadh ar dóigh dó truailliú tromchúiseach uisce nó baol | An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Iascach Intíre Éireann, Uiscebhealaí Éireann (más iomchuí) | |

| | | |
|---|---|---|
| tromchúiseach truaillithe a chur faoi deara | | |
| Táthar bainteach le hoibreacha a dhéanamh i mbruacha na n-uiscí sin a mbeadh éifeacht ábhartha acu orthu nó le hoibreacha a dhéanamh thar na bruacha sin nó feadh na mbruach sin | Iascach Intíre Éireann, Uiscebhealaí Éireann (más iomchuí) | |
| Cuirtear isteach ar loingseoireacht aerárthaí | Údarás Eitlíochta na hÉireann | |
| Cuirtear isteach ar oibriú aerfoirt nach lú a thrácht bliantúil ná 1 mhilliún gluaiseacht paisinéirí | Oibritheoir an Aerfoirt | |
| Déantar difear d'iompar de bhus nó d'iarnród | Córas Iompair Éireann, an tÚdarás Náisiúnta Iompair, Bonneagar Iompair Éireann | |
| Méadaítear go mór na méideanna tráchta a úsáideann droichid iarnróid agus crosairí comhréidhe nó droichid thar iarnród | An Coimisiún Sábháilteachta Iarnróid, oibritheoir an iarnróid, oibritheoir an Luas nó an Mheitreo | |
| Gaireacht d'iarnród | An Coimisiún Sábháilteachta Iarnróid, oibritheoir an iarnróid, oibritheoir an Luas nó an Mheitreo | |
| Cruthaítear rochtain, leagtar amach rochtain ar bhóthar náisiúnta, nó déantar leathnú ábhartha ar bhóthar rochtana | Bonneagar Iompair Éireann | |
| I gcás gníomhaíocht a dteastaíonn Ceadúnas um Rialú Comhtháite ar Thruailliú, Ceadúnas Astaíochtaí Tionsclaíocha, Ceadúnas Dramhaíola nó Ceadúnas Sceite Fuíolluisce ina leith | An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil | |
| Caomhnú an Dúlra (Limistéar Caomhantais Speisialta, Limistéar Cosanta Speisialta, Limistéar Oidhreachta Nádúrtha) | An Chomhairle Oidhreachta, an tAonad um Iarratais ar Fhorbairt, an Taisce | |
| Limistéar Gaeltachta nó teanga agus cultúr na Gaeltachta | An tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, Údarás na Gaeltachta | |
| Forbairt monarchan pléascán, forbairt armlainne stórála nó forbairt stórais pléascán údaráis áitiúil nó forbairt i ngar dó nó di | An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta | |
| Feirmeoireacht bradán | An tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha, Iascach Intíre Éireann | |
| Foraoisiú tosaigh nó athsholáthar foraoise airde leathanduillí le foraois bhuaircíneach | An tAire Talmhaíochta agus Bia, an Chomhairle Oidhreachta, agus an Taisce | |

| | | |
|---|---|---|
| Éifeachtaí suntasacha ar an tsláinte | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte | |
| Mianadóireacht, cairéalú, eastóscadh ábhar cré is mó ná 50,000 méadar ciúbach nó is mó ná 1 heicteár | An tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha | |
| Imeall Trá | An t-údarás pleanála cósta, an tÚdarás Rialála Limistéir Mhuirí. An tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha | |
| Bonneagar Fuinnimh, nó tionchar ar bhonneagar fuinnimh | An Coimisiún um Rialáil Fuinnimh | |
| Seirbhísí uisce poiblí | Uisce Éireann | |

**An Treoir um Mórthionóiscí (Cuid 11 de na Rialacháin)**

An bhfuil an t-iarratas ina iarratas ar bhunaíocht? i.e., láithreán COMAH nó SEVESO
_______

Má tá, an bhfuil tagairt déanta dó sin sna fógraí poiblí _______

Teastaíonn Fógra Airteagal 137 don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta _______

An bhfuil an fhorbairt i gcatagóir atá liostaithe i dTábla 1 de Sceideal 8? _______

An bhfuil an fhorbairt suite laistigh den fhad i gcolún 2 de Thábla 2 de láithreán COMAH/SEVESO? _______

**Tábla 1: Catagóirí Forbartha**

1. Cóiríocht óstáin, cóiríocht brú, cóiríocht saoire, nó tithíocht a sholáthar.

2. Scoileanna, naíolanna nó saoráidí eile oideachais nó cúram leanaí, ionaid oiliúna, ospidéil, tithe téarnaimh, tithe do dhaoine scothaosta, nó scáthchóiríocht a sholáthar.

3. Forbairtí miondíola is mó ná 250 méadar cearnach in ollspás urláir.

4. Déanmhais le haghaidh saoráidí pobail agus fóillíochta is mó ná 100 méadar cearnach in ollspás urláir.

5. Saoráidí nó úsáid talún a sholáthar le haghaidh gníomhaíochtaí ar dóigh dóibh níos mó ná 1,000 duine a mhealladh ag aon am amháin.

6. Forbairt tráchtála nó thionsclaíoch atá deartha chun freastal ar 20 fostaí nó níos mó.

7. Saoráidí páirceála a sholáthar do níos mó ná 200 mótarfheithicil.

8. Naisc iompair, lena n-áirítear bóithre poiblí.

9. Aon fhorbairt atá tadhlach le bunaíocht, nó atá scartha ó bhunaíocht le bóthar amháin, agus a bhfuil riosca dóiteáin nó pléasctha mar thoradh uirthi.

10. Modhnuithe ar chatagóirí 2, 3, 4, 6 nó 7 a mbeadh méadú 20 faoin gcéad nó níos mó ar mhéid nó toilleadh mar thoradh orthu.

**Tábla 2: Faid ó Bhunaíochtaí**

*Faid ó bhunaíochtaí*

| Colún 1<br><br>*Cineál bunaíochta* | **Colún 2**<br>**Fad ó imlíne na bunaíochta (méadair)** |
|---|---|
| Bunaíocht ina stóráiltear substaintí inadhainte brúchóirithe (lena n-áirítear gás peitriliam leachtaithe) i mbulc – | |
| - ***os cionn na talún*** | 600 |
| - ***in áit iata/faoi thalamh*** | |
| ***≤ 100 tonna*** | 100 |
| ***> 100 tonna.*** | 200 |
| ***Bunaíocht ina bhfuil substaintí tocsaineacha brúchóirithe nó cuisnithe (lena n-áirítear amóinia) i láthair –*** | |
| - ***i mbulcstóráil*** | 2,000 |
| - ***i stóráil sorcóra nó druma.*** | 700 |
| Bunaíocht atá comhdhéanta de thrádstóras ina bhfuil ceimiceáin i láthair nó bunaíocht ina bhfuil trádstóras ina bhfuil ceimiceáin i láthair. | 700 |
| ***Bunaíocht ina stóráiltear substaintí inadhainte neamh-bhrúchóirithe i mbulc.*** | 300 |
| Bunaíocht ina ndéantar próiseáil cheimiceach lena mbaineann substaintí inadhainte nó tocsaineacha. | 1,000 |
| ***Bunaíocht ina ndéantar próiseáil cheimiceach, rud a bhfuil riosca pléascáin deannaigh i gceist leis.*** | 300 |
| Bunaíocht ina monaraítear pléascáin. | 1,000 |

**An bhfuil sé amhlaidh gur seoladh Comhchomhairliúchán Réamhiarratais? (Má tá, tabhair cásuimhir)** ____________

**Aon Chomhad Staire atá le ceangal (Tá comhairle le tabhairt ag an gCigire):**

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

**Nótaí:**

Teorainn ama na mbreathnóirí – 8 seachtaine

Comhlachtaí forordaithe – 8 seachtaine

Teorainneacha ama na nÚdarás Pleanála – 6 seachtaine tar éis dhéanamh na hiarrata. Tabhair faoi deara nach mór cinneadh a dhéanamh ar an toiliú ionaid laistigh de 18 seachtaine ón tuarascáil a fháil ón Údarás Pleanála. Breithneofar an iarraidh a sheoladh tar éis na tuairimí uile ón bpobal agus ó chomhlachtaí forordaithe a fháil, chun go bhféadfadh an tÚdarás Pleanála trácht a dhéanamh ar an gcéanna.

**Foirm 10: Fógra Láithreáin le haghaidh alt 237L agus Airteagal 265**

FÓGRA LÁITHREÁIN

IARRATAS CHUIG AN gCOIMISIÚN PLEANÁLA AR CHEAD I nDÁIL LE FORBAIRT TALÚN FAOI ALT 37L DEN ACHT

Tá sé beartaithe agamsa, ........................................................... 1 iarratas a dhéanamh ar chead faoi alt 37L den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, le haghaidh forbartha ag an láithreán seo.
..............................................................................................................................
.............................................................................................................................. 2
Tá an fhorbairt comhdhéanta de ..........................................................................
.............................................................................................................................. 3
Tá Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta ag gabháil leis an iarratas 4:

Tá Níl

Tá Ráiteas Tionchair Natura ag gabháil leis an iarratas 4:

Tá Níl

Féadfar aighneachtaí a dhéanamh nó tuairimí a thabhairt maidir leis an iarratas trí scríobh chuig an seoladh seo gan aon mhuirear: An Coimisiún Pleanála, 64 Sráid Maoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, D01 V902 (www.pleanala.ie). Ní mór aighneachtaí nó tuairimí a bheith i scríbhinn agus ní mór iad a dhéanamh laistigh den tréimhse 8 seachtaine dar tosach an dáta a fhaigheann an Coimisiún Pleanála an t-iarratas, agus breithneoidh an Coimisiún Pleanála aighneachtaí agus tuairimí den sórt sin agus cinneadh á dhéanamh aige ar an iarratas. Féadfaidh an Coimisiún Pleanála an toiliú a dheonú faoi réir coinníollacha nó gan coinníollacha a fhorchur, nó féadfaidh sé diúltú don toiliú a dheonú.

Féadfar an t-iarratas ar chead a iniúchadh, nó féadfar é a cheannach ar tháille nach mó ná an costas réasúnach a bhaineann le cóip a dhéanamh, ag oifigí an Choimisiúin Pleanála nó an údaráis pleanála iomchuí le linn a uaireanta oscailte don phobal. Ba cheart aon cheisteanna a bhaineann leis an bpróiseas iarratais a chur ar an gCoimisiún Pleanála (Teil.: 01-8588100).

Sínithe: ........................................................................ 5

Dáta cur suas an fhógra láithreáin ................................ 6

**Ábhar na Tuarascála ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta**

Tá na ceanglais iomlána a ghabhann le Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta leagtha amach i Sceideal 6 a ghabhann leis na Rialacháin. Ní mór an méid seo a leanas a chur ar áireamh inti: Achoimre Neamhtheicniúil ar an ábhar; liosta tagartha de na foinsí a úsáideadh; liosta de na saineolaithe a rannchuidigh leis an tuarascáil, ina luaitear na codanna den tuarascáil a bhfuil an saineolaí freagrach astu nó ar rannchuidigh sé nó sí leo, a n-inniúlacht agus a dtaithí, lena n-áirítear cáilíochtaí iomchuí agus faisnéis eile lena léirítear a n-inniúlacht agus a dtaithí.

Ní mór na héifeachtaí suntasacha díreacha agus indíreacha a bheidh ag an bhforbairt bheartaithe ar na nithe seo a leanas a chur ar áireamh sa Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta:

(I) sláinte an phobail agus sláinte an duine;

(II) bithéagsúlacht, agus aird ar leith á tabhairt ar speicis agus gnáthóga atá faoi chosaint faoin Treoir um Ghnáthóga agus faoin Treoir maidir le hÉin;

(III) talamh, ithir, uisce, aer, agus aeráid;

(IV) sócmhainní ábhartha, an oidhreacht chultúrtha, agus an tírdhreach;

(V) an idirghníomhaíocht idir na tosca a luaitear i g*clásail (I)* go *(IV)*, agus cibé scrúdú, anailís agus meastóireacht ar na héifeachtaí suntasacha díreacha agus indíreacha a bhfuiltear ag súil leo ar an gcomhshaol de dheasca leochaileacht na forbartha beartaithe i leith rioscaí mórthionóiscí nó tubaistí, nó i leith mórthionóiscí agus tubaistí araon, atá ábhartha don fhorbairt sin.